



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2018
(OR. en)

10555/18

ELARG 41
COWEB 102

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	10374/18
Ábhar:	MÉADÚ AGUS AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS – Conclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Méadú agus maidir leis an bPróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, a ghlac an Chomhairle ar an 26 Meitheamh 2018.

AN CHOMHAIRLE GNÓTHAÍ GINEARÁLTA

CONCLUÍDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE MÉADÚ AGUS MAIDIR LEIS

AN BPRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS

1. Tugann an Chomhairle dá haire an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2018 maidir le Beartas an Aontais Eorpaigh don Mhéadú agus na tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le Montainéagró, leis an tSeirbia, leis an Tuirc, le Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine, leis an Albáin, leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus maidir leis an gCosaiv*. Is díol sásaimh don Chomhairle chur i bhfeidhm mhodheolaíocht nua an Choimisiúin agus comhchuibhiú a thimthriall tuairiscithe leis an measúnú ar na Cláir Athchóirithe Eacnamaíocha. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an Teachtaireacht ón gCoimisiún *A credible enlargement perspective for and enhanced EU engagement with the Western Balkans* [Peirspictíocht inchreidte faoi mhéadú le haghaidh na mBalcán Thiar agus rannpháirtíocht fheabhsaithe ón Aontas leis na Balcáin Thiar] an 6 Feabhra 2018.
2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas maidir le méadú, rud atá ina phríomhbheartas de chuid an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis an gcomhthoil athnuaite maidir le méadú a d'fhormheas an Chomhairle Eorpach ar an 14 agus ar an 15 Nollaig 2006 agus leis na conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin. Is infheistíocht straitéiseach i gcónaí é maidir le síocháin, daonlathas, rathúnas, slándáil agus cobhsaíocht na hEorpa. Is rogha é bunluachanna na hEorpa a ghlacadh agus cloí leo agus tá sé riachtanach do gach páirtí atá ag tnúth le ballraíocht an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin, tá an Chomhairle ag súil go nglacfaidh páirtithe úinéireacht iomlán ar luachanna na hEorpa agus go gcloífídh siad leo agus le saothrú bríomhar na n-athchóirithe riachtanacha ar mhaithe le leas a muintire. Ag cur leis an méid atá bainte amach cheana, is díol sásaimh don Chomhairle an tiomantas a chur na Balcáin Thiar in iúl ag Cruinniú Mullaigh Shóifia agus gur ailínigh siad le Dearbhú. Ag meabhrú di Clár Oibre Thessaloniki agus Dearbhú Shóifia, athdhearbhaíonn an Chomhairle tacaíocht gan staonadh an Aontais Eorpaigh maidir le peirspictíocht Eorpach na mBalcán Thiar. Tá an tAontas meáite ar a rannpháirtíocht a neartú agus a threisiú ar gach leibhéal chun tacú le haistriú polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta an réigiúin, lena n-áirítear trí níos mó cúnamh a thabhairt bunaithe ar an dul chun cinn nithiúil a dhéanfaidh na Balcáin Thiar maidir leis an smacht reachta, agus le hathchóirithe socheacnamaíocha. Is tír is iarrthóir í an Tuirc agus comhpháirtí tábhachtach in an-chuid réimsí.

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

3. I gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle a bhí ann roimhe seo agus faoi chuimsiú chritéir pholaitiúla Chóbanhávan agus an Phróisis Cobhsaíochta agus Comhlachais, arb é an creat coiteann i gcónaí é don chaidreamh leis na Balcáin Thiar, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá, i gcomhréir leis an gcomhthoil athnuaite maidir le méadú, coinníollacht chothrom agus dhian agus prionsabal an fhiúntais féin, i gcomhar le hacmhainneacht an Aontais, i ngach gné dá chuid, comhaltaí nua a lánpháirtiú.
4. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil gá leanúnach ann díriú ar athchóirithe bunúsacha chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh struchtúrtha leanúnacha i réimsí na smachta reachta, na mbunchearta, na forbartha eacnamaíche agus na hiomaíochta, agus neartú na n-institiúidí daonlathacha agus athchóiriú an riaracháin phoiblí. Tá cuntas fónta teiste ó thaobh cur chun feidhme athchóirithe agus torthaí nithiúla sna réimsí ríthábhachtacha sin bunriachtanach i gcónaí, go háirithe maidir le luas foriomlán na caibidlíochta aontachais.
5. Is luach bunúsach é an smacht reachta a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe air agus atá mar chroíchuid de Phróiseas an Mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais. Ní mór athchóirithe a dhéanamh chun dul i ngleic leis na dúshlán thábhachtacha atá fós ann, go háirithe maidir le breithiúna neamhspleácha, neamhchlaonta, cuntasacha agus éifeachtacha a áirithiú, agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta, chomh maith le cearta bunúsacha a chosaint, lena n-áirítear ceart na daoine sin ar de mhionlaigh iad, caitheamh go neamh-idirdhealaitheach le daoine ar de chuid mionlach náisiúnta iad agus dul i ngleic le hidirdhealú grúpaí leochaileacha amhail Romaigh agus daoine lespiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI). Is ábhar mór inní fós í an staid i ndáil leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán, nach mór aghaidh a thabhairt uirthi ar bhealach diongbháilte éifeachtach mar ábhar tosaíochta. Ní mór céimeanna práinneacha, nithiúla a ghlacadh chun imeaglú, bagairtí agus ionsaithe ar iriseoirí a sheachaint, agus cásanna den chineál sin a réiteach nuair a tharlaíonn siad. Caithfear breis oibre a dhéanamh freisin chun an comhionannas inscne agus an urraim do chearta na mban agus cearta na leanaí a áirithiú. Ní mór tuilleadh dul chun cinn maidir leis an riarachán poiblí a dhéanamh freisin d'fhonn an rialachas a neartú agus a fheabhsú ar gach leibhéal. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is ábhar inní di, go bhfuil claonadh ann parlaimintí a bhagcatáil. Tá plé polaitiúil cuimsitheach, go háirithe laistigh de pharlaimintí, agus ról níos láidre d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta mar ghnéithe ríthábhachtach i gcónaí i ndaonlathas dea-fheidhmiúil. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá toghcháin atá saor, cothrom agus trédhearcach, i gcomhréir le caighdeán ESCE.

6. Maidir leis na critéir eacnamaíocha, is díol sásaimh don Chomhairle agus tagann sí leis an anailís a rinne an Coimisiún ar an ngá atá ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra struchtúracha eacnamaíocha agus shóisialta. Spreagann an Chomhairle na páirtithe uile na bearta a áirítear sna Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc den 25 Bealtaine 2018, a chur chun feidhme, bunaithe ar a gcuid Clár Athchóirithe Eacnamaíoch. Bíonn tairbhí ó athchóirithe eacnamaíocha agus ó threisiú an smachta reachta a atreisiú a chéile. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na dúshláin struchtúracha, feabhas a chur ar an rialachas eacnamaíoch, ar an iomaíochas, ar an timpeallacht ghnó, ar an timpeallacht infheistíochta, ar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí, ar an bhfás agus ar chruthú post. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le himirce daoine oilte agus deiseanna breise a chruthú agus dearcadh dearfach a áirithiú don óige.
7. Is gnéithe riachtanacha de Phróiseas an Mhéadaithe agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais fós iad an dea-chaidreamh comharsanachta agus an comhar réigiúnach. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh agus athdhearbhaíonn sí an tábhacht a bhaineann le comhar réigiúnach, ar cuireadh béim air freisin ag an gCruinniú Mullaigh i Sóifía, agus go háirithe le nascacht laistigh den réigiún agus leis an Aontas. Tacaíonn an Chomhairle go hiomlán le tionscnaimh agus le struchtúir chuiditheacha lena ndéantar an comhar cuimsitheach réigiúnach a neartú. Iarrann an Chomhairle go mbeidh tuilleadh iarrachtaí chun na fadhbanna ar torthaí iad ón am a chuaigh thart a réiteach, an t-athmhuintearas a chothú, lena n-áirítear trí thimpeallacht chaoimhlaingthe a chur chun cinn. Ní mór ráitis agus gníomhaíochtaí a sheachaint a mbeadh drochthionchar acu ar an dea-chaidreamh comharsanachta agus ar an réiteach síochánta ar dhíospóidí. Tá bearta cinntitheacha agus diongbháilteacht pholaitiúil láidir ag teastáil chun a áirithiú go bpléifear le díospóidí déthaobhacha atá fós gan réiteach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thuilleadh an gá atá ann cásanna de choireanna cogaidh intíre a láimhseáil gan idirdhealú, aghaidh a thabhairt ar dhaoine a bheith ag dul saor ó phionós, agus cuntasacht a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhar ceart réigiúnach, lánchomhar agus tacaíocht leis an obair atá ar bun ag an Sásra le haghaidh Binsí Coiriúla agus na Dlísheomraí Speisialaithe. Ba cheart go réiteofaí díospóidí agus saincheisteanna atá fós gan réiteach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus na prionsabail bhunaithe, lena n-áirítear an Comhaontú ar Shaincheisteanna Comharbais.

8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le comhar a dhoimhniú tuilleadh maidir le saincheistanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach agus tá sí ag súil le hailíniú feabhsaithe le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, go háirithe i dtaobh saincheistanna ina bhfuil comhleasanna móra i dtreis, amhail bearta sriantacha agus dul i ngleic le bagairtí hibrídeacha. Rogha atá ann teacht isteach san Aontas, rogha a chuireann de cheangal na prionsabail, luachanna agus cuspóirí a bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas a chur chun cinn ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin, lena n-áirítear ailíniú iomlán le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála a bhaint amach, agus staonadh ó aon ghníomhaíocht atá contrártha dó.
9. Agus an tábhacht a bhaineann le léirscaoileadh víosaí do shaoránaigh á haithint ag an gComhairle, spreagann sí an Coimisiún leanúint leis an dlúth-fhaireachán ar chur chun feidhme na gcoinníollacha go léir atá leagtha síos maidir le léirscaoileadh víosaí, lena n-áirítear trína shásra leantach. Ag meabhrú di an sásra fionraíochta, spreagann an Chomhairle na húdaráis lena mbaineann chun a gcuid iarrachtaí a threisiú le dul i ngleic leis an sreabhadh iarratas ar thearmann atá go follasach gan údar.
10. Is bagairt fós don tslándáil san Aontas agus sa réigiún iomlán iad an sceimhlitheoireacht, an radacú agus an choireacht eagraithe. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach agus ón gComhairle roimhe seo, meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá gné sheachtrach obair fhrithsceimhlitheoireachta an Aontais agus an comhar san fhrithsceimhlitheoireacht a neartú tuilleadh leis an Tuirc agus leis na Balcáin Thiar, go háirithe i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, maoiniú na sceimhlitheoireachta, an radacú a chosc agus a chomhrac, seiceálacha treisithe ar theorainneacha agus an gháinneáil neamhdhleathach ar airm thine agus airm éadroma. Tá iarrachtaí breise agus cuntas fóna teiste ag teastáil freisin sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe. Ag meabhrú di tacaíocht an Aontais, go háirithe tríd an Rialachas Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe (IISG), iarrann an Chomhairle arís ar chomhpháirtithe dlús a chur lena n-iarrachtaí agus bearta dlíthiúla agus oibríochtúla a fhorfheidhmiú sna réimsí sin ar fad.

11. Molann an Chomhairle an Tuirc agus na Balcáin Thiar maidir lena n-iarrachtaí athnuaithe agus lena gcomhar cuiditheach a chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na himirce, a raibh torthaí soiléire acu. Athdhearbhaíonn an Chomhairle nach mór an Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme tuilleadh agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe ar bhealach na mBalcán Thiar. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochtaí chun acmhainn riaracháin agus forfheidhmithe a áirithiú agus chun dul i ngleic le dúshlán na himirce, lena n-áirítear smuigleáil imirceach a chomhrac. Leanfaidh an tAontas leis an tacaíocht airgeadais agus leis an gcúnamh teicniúil chun an comhar a neartú sa réimse seo, lena n-áirítear trí Shaoráid um Dhídeanaithe an Aontais sa Tuirc.
12. Cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá cumarsáid straitéiseach chun tacaíocht agus tuiscint phoiblí a áirithiú maidir leis na buntáistí agus na dualgais a bhaineann le méadú agus aghaidh a tabhairt ar an mbréagaisnéis ag an am céanna. Cuireann an Chomhairle i dtreis freagracht na bpáirtithe ar fad na leasanna agus oibleagáidí sin a cur in iúl go soiléir a chur in iúl go soiléir, chomh maith lena dtiomantas féin ar luachanna agus meonta an Aontais. Tá rannpháirtíocht leanúnach an Aontais agus a chuid Ballstát rithábhachtach i gcónaí chun beartas cumarsáide straitéisí atá níos éifeachtaí a shaothrú i dtaca leis na comhpháirtithe agus le saoránaigh an Aontais Eorpaigh araon, go háirithe trí Thascfhórsa StratCom na mBalcán Thiar.
13. Meabhraíonn an Chomhairle di an cúnamh airgeadais agus teicniúil leanúnach ón Aontas do Phróiseas an Mhéadaithe agus don Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, go háirithe tríd an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II), a bhfuil bailchríoch á cur ar an athbhreithniú meántearma ina leith. Ba cheart díriú go fóill ar phríomhthosaíochtaí agus comhsheasmhacht fheabhsaithe idir an cúnamh airgeadais agus an dul chun cinn foriomlán atá déanta chun an straitéise réamhaontachais a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí eisíocaíocht luaíochta feidhmíochta bunaithe ar an dul chun cinn atá déanta agus na torthaí atá bainte amach.
14. Is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh clár oibre tosaíochtaí Shóifia, atá bunaithe ar ghnéithe ábhartha den teachtaireacht ón gCoimisiún a glacadh ar an 6 Feabhra 2018.

MÉADÚ

MONTAINÉAGRÓ

15. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn foriomlán a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais le Montainéagró, agus 31 chaibidil as 35 oscailte, agus 3 chaibidil dúnta go sealadach go nuige seo. Leis an gcreat institiúideach curtha i gcrích agus an creat dlíthiúil bunaithe a bheag nó a mhór, ba cheart do chóras foriomlán an smacht reachta torthaí nithiúla agus cuntas teiste neartaithe agus inbhuanaithe a chur ar fáil. Meabhraítear go háirithe don Chomhairle gurb é an dul chun cinn atá déanta maidir leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha, mar a leagtar amach sa Chreat Caibidlíochta, a chinneann agus a chinnfidh feasta luas na caibidlíochta aontachais foriomláine. Dá bhrí sin ba cheart do Mhontainéagró a iarrachtaí athchóirithe a dhíriú ar na dtagarmharcanna eatramhacha do chaibidil 23 agus do chaibidil a chomhlíonadh agus ar na pleananna gníomhaíochta faoi seach a chur chun feidhme.
16. Spreagann an Chomhairle go láidir Montainéagró chun dlús breise a chur leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe, sciúradh airgid agus gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear imscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh éifeachtacha, agus chun feabhas a chur ar urghabháil agus coigistiú sócmhainní coiriúla. Cuireann na hionsaithe le déanaí ar iriseoirí i dtreis go bhfuil gá práinneach ann timpeallacht shábháilte a rathú lena spreagfar an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus neamhspleáchas na meán. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochtaí freisin chun leanúint den athchóiriú ar an riarachán poiblí agus chun neamhspleáchas na n-institiúidí a neartú.
17. Maidir le hathchóirithe eacnamaíocha, tugann an Chomhairle dá haird go dearfach, i gcomhréir leis na Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc, fás eacnamaíoch leanúnach agus spreagann sí Montainéagró bearta a dhéanamh chun an inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú, an leibhéal ard fiachas poiblí a laghdú, an t-easnamh trádála a laghdú, athchóirithe a chur chun cinn i réimsí tábhachtacha amhail soláthar poiblí agus an margadh saothair agus an timpeallacht ghnó a fheabhsú.

18. Maidir le toghcháin, ní mór d'údaráis Mhontainéagró aghaidh a thabhairt ar na neamhrialtachtaí arna dtuairisciú ag na breathnóirí idirnáisiúnta agus an gealltanais polaitiúil a choinneáil ó thaobh athchóiriú ar an bpróiseas toghchánaíochta, d'fhonn cur le muinín sa chreat toghchánach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go luíonn freagracht as an díospóireacht pholaitiúil a thabhairt ar ais chuig an bParlaimint leis na páirtithe ar fad.
19. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis sásaimh di an ról dearfach a imríonn Montainéagró chun comhar réigiúnach a fhorbairt tuilleadh agus chun an dea-chaidreamh idir comharsana a chur chun cinn.
20. Tréaslaíonn an Chomhairle le Montainéagró as a comhar i leith saincheistanna an bheartais eachtraigh agus go mór mór a ailíniú iomlán leanúnach le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais.

AN TSEIRBIA

21. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn foriomlán a rinneadh sa chaibidlíocht aontachais, agus 14 chaibidil chaibidlíochta as 35 oscailte, agus 2 chaibidil dúnta go sealadach go nuige seo. Athdhearbhaíonn an Chomhairle di go bhfuil dul chun cinn maidir leis na caibidil i ndáil leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha, chomh maithe le normalú chaidreamh na Seirbia leis an gCosaiv mar a leagtar amach sa Chreat Caibidlíochta iad, ríthábhachtach agus go leanfaidh sé de luas foriomlán na caibidlíochta aontachais a chinneadh. Ba cheart cur chun feidhme na dtagarmharcanna eatramhacha do chaibidil 23 agus do chaibidil 24 agus do na pleananna gníomhaíochta faoi seach a bheith mar threoir ar athchóirithe amach anseo as a dtiocfaidh cuntas teiste daingean.
22. Is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas athdhearbhaithe rialtas na Seirbia do lánpháirtiú leis an Aontas mar chuspóir straitéiseach aige. Tá sé ríthábhachtach anois go gcuirfear an rogha straitéiseach in iúl sa díospóireacht phoiblí go gníomhach agus go soiléir.

23. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbia dlús suntasach a chur lena hiarrachtaí athchóirithe i réimse an smacht reachta, agus go háirithe neamhspleáchas agus a éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais bhreithiúnaigh a áirithiú. Ní mór béim ar leith a leagan ar chun feidhme éifeachtach an athchóirithe sa réimse sin, lena n-áirítear torthaí inláimhsithe agus cuntas teiste inbhuanaithe le imscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh éifeachtacha, go háirithe i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe, na coireacht eagraithe agus sciúradh airgid. Is cúis inní mhéadaitheach é an easpa dul chun cinn i réimse na saoirse chun tuairimí a nochtadh. Ba cheart do na húdaráis timpeallacht shábháilte a rathú a spreagfaidh feidhmiú chun saoirse tuairimí a nochtadh gan bhac agus neamhspleáchas na meán mar ábhar tosaíochta, lena n-áirítear trí dhlús a chur le hiarrachtaí chun ionsaithe i gcoinne iriseoirí a fhiosrú. Ní mór don tSeirbia aird ar leith a thabhairt ar na cearta bunúsacha a urramú go hiomlán, lena n-áirítear na grúpaí is leochailí a chosaint, agus ar a bheith ag caitheamh go neamh-idirdhealaitheach le mionlaigh náisiúnta ar fud na Seirbia, go háirithe i réimsí an oideachais, úsáid teangacha mionlaigh, rochtain ar sheirbhísí meán agus reiligiúnacha sna teangacha mionlaigh. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar chásanna fuathchainte, ar imeaglú agus ar ionsaithe go pras agus go daingean. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go n-iarrann sí go gcuirfear na doiciméid straitéiseacha ábhartha chun feidhme go héifeachtach. Ina theannta sin, ní mór trédhearcacht, cuimsitheacht agus cáilíocht na reachtóireachta a fheabhsú, go háirithe trí thimpeallacht chumasúcháin don tsochaí shibhialta a chur chun cinn. Tá géarghá le tuilleadh dul chun cinn i ndáil le feidhmiú ceart comhlachtaí neamhspleácha agus institiúidí daonlathacha, lena n-áirítear maoirseacht pharlaiminteach, agus i ndáil le hathchóirithe bunreachtúla. Tar éis an toghcháin is déanaí, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá obair leantach a dhéanamh ar na moltaí a rinne breathnóirí idirnáisiúnta toghchán mar ábhar tosaíochta. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin an gá atá ann leanúint de chásanna de choireanna cogaidh intíre a láimhseáil agus lánchomhar a thabhairt don Sásra le haghaidh Binsí Coiriúla Idirnáisiúnta (MICT).
24. Maidir le hathchóirithe eacnamaíocha, i gcomhréir leis na Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc, tugann an Chomhairle dá haire go dearfach an dul chun cinn leanúnach atá déanta agus spreagann sí an tSeirbia an timpeallacht ghnó a fheabhsú tuilleadh, dul i ngleic leis an bhfiachas rialtais agus dul chun cinn a dhéanamh chun athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme, go háirithe in earnáil an fhuinnimh agus in earnáil an iompair, sa mhargadh saothair, sa riarachán cánach agus sa soláthar poiblí, lena n-áirítear athstruchtúrú agus príobháidiú gnólachtaí atá faoi úinéireacht an stáit.

25. Maidir leis an Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine arna éascú ag an Aontas Eorpach, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an dá thaobh tar éis a dhearbhu leis an Ardionadaí go bhfuil siad tiomanta oibriú ar normalú cuimsitheach i ndáil lena gcaidreamh, lena n-áirítear i bhfoirm comhaontú ceangailteach ó thaobh dlí de, rud atá fíorthábhachtach dá gconair Eorpach faoi seach agus ríthábhachtach freisin don chobhsaíocht réigiúnach inbhuanaithe.
26. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cuireadh tús faoi dheireadh le hobair na Foirne Bainistíochta chun reacht Chomhlachas/Comhphobal bhardas de thromlach Seirbiach na Cosaive a dhréachtú i gcomhréir le Comhaontú na Bruiséile ón mbliain 2013 agus Comhaontú Lúnasa ón mbliain 2015 agus tá súil aici go nglacfaidh an dá thaobh páirt chuiditheach sa phróiseas chun an tiomantas seanbhunaithe sin a chomhlíonadh. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí na constaicí atá fós ann a shárú go gasta i gcur chun feidhme an chomhaontaithe um Fhuinneamh. Ag cur san áireamh di luas mall an dul chun cinn, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go gcuirfí i gcrích cur chun feidhme na gcomhaontuithe eile ar fad atá ann cheana, go háirithe na comhaontuithe um Dhroichead Mitrovica, um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha agus um aitheantas frithpháirteach dioplómaí. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbia a cuid de na comhaontuithe uile a rinneadh san am atá thart a chur chun feidhme go pras de mheon macánta agus a bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach leis an gCosaiv maidir le comhaontuithe a dhéanfar amach anseo a fhoirmiú agus a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme an chomhaontaithe maidir le ceartas i bhfómhar na bliana 2017 a dhéanann feidhmiú breithiúna comhtháite sa Chosaiv a áirithiú agus a thugann rochtain ar an gceartas do na pobail uile. Leanfaidh an Chomhairle de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar thiomantas na Seirbia maidir le dul chun cinn leanúnach agus sofheicthe i normalú an chaidrimh leis an gCosaiv ionas go mbeidh an tSeirbia agus an Chosaiv in ann leanúint ar a mbealaí Eorpacha faoi seach, le hionchas go mbeidh an dá thír in ann gach ceart atá acu agus gach dualgas atá orthu a fheidhmiú go hiomlán agus an baol á sheachaint acu ag an am céanna go mblocálfar a chéile. Cuireann an Chomhairle in iúl gur mór aici obair an Ardionadaí chun an t-idirphlé a éascú agus tá sí ag súil le tuilleadh rannpháirtíochta déine leis na páirtithe, d'fhonn teacht ar normalú cuimsitheach.
27. Iarrann an Chomhairle arís ar an tSeirbia ailíniú a dhéanamh diaidh ar ndiaidh le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais i gcomhréir leis an gCreat Caibidlíochta agus an treocht reatha laghdaitheach a aisiompú mar ábhar tosaíochta.

28. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbia gan imeacht ó chomhbheartas víosa an Aontais, toisc gur cúis inní iad cleachtais le déanaí, amhail comhaontuithe léirscaoilte víosaí a bheith tugtha i gcrích le tríú tíortha áirithe.
29. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht chuiditheach na Seirbia sa chomhar réigiúnach agus molann sí don tSeirbia leanúint leis na hiarrachtaí leanúnacha chun an dea-chaidreamh comharsanachta a neartú.

AN TUIRC

30. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí a mheasann sí atá caidreamh an Aontais leis an Tuirc, príomh-chomhpháirtí léi. Tá sí tiomanta i gcónaí d'idirphlé oscailte, neamhbhalbh a chothabháil, d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna agus don chomhar i réimsí ríthábhachtacha comhleasa amhail an imirce, an fhrithsceimhlitheoireacht, an fuinneamh, an t-iompar, an geilleagar agus an trádáil. Molann an Chomhairle an Tuirc as na hiarrachtaí suntasacha atá déanta aici os cionn 3.5 milliún dídeanaí ón tSiria a óstáil agus aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas. Tá cur chun feidhme leanúnach an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, a laghdaíonn trasnuithe neamhrialta agus contúirteacha agus a shábhálann beatha daoine sa Mhuir Aeigéach, ar leas an dá thaobh agus tá sé fós ríthábhachtach. Is tosaíocht i gcónaí é bainistiú treisithe ar na teorainneacha comhchoiteanna leis an Aontas Eorpach. Go dtí go gcuirfear an comhaontú um athligeran isteach idir an tAontas agus an Tuirc chun feidhme *vis-à-vis* gach Ballstát, ba cheart comhaontuithe déthaobhacha um athligeran isteach agus forálacha i gcomhaontuithe agus socruithe comhchosúla le Ballstáit an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach leordhóthanach. Is den tábhacht i gcónaí é go mbeadh comhar ann i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile le Ballstáit uile an Aontais.

31. Meabhraíonn an Chomhairle di a Conclúidí ar an 18 Iúil 2016 inar cáineadh láithreach bonn agus go láidir an iarracht ar coup ar an 15 Iúil agus chuir sí in iúl a dlúthpháirtíocht le muintir na Tuirce agus a tacaíocht iomlán d'institiúidí daonlathacha na Tuirce. Mar sin féin is cúis thromchúiseach inní é chomh díréireach atá scála agus raon feidhme na mbearta a glacadh ina dhiaidh. Meabhraíonn an Chomhairle di na caighdeáin agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta a ghlac an Tuirc di féin agus a ghabh sí uirthi féin agus iarrann sí ar an Tuirc na treochtaí diúltacha a aisiompú go práinneach.
32. Is cúis mhór inní don Chomhairle an cúlú leanúnach, inníoch ó thaobh maidir leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Ní féidir glacadh leis an meath ar neamhspleáchas agus ar fheidhmiú na mbreithiúna, ná le srian, coinneáil, príosúnacht agus bearta leanúnacha eile atá dírithe ar iriseoirí, ar lucht léinn, ar chomhaltaí páirtithe polaitiúla lena n-áirítear comhaltaí parlaiminte, ar chosantóirí chearta an duine, ar úsáideoirí na meán sóisialta agus ar ghrúpaí eile agus a gcearta agus saoirsí bunúsacha á bhfeidhmiú acu. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go láidir go bhfuil an-innirí uirthi faoi shaoránaigh de chuid an Aontais a bheith fós á gcoinneáil, beirt saighdiúirí ón nGréig ina measc. Ní mór don Tuirc aghaidh a thabhairt go práinneach agus go héifeachtúil ar na heasnaimh thromchúiseacha sin agus go leor easnaimh thromchúiseacha eile agus ar na saincheistanna gan réiteach a sainaithníodh sa tuarascáil ón gCoimisiún. Ba cheart don Tuirc dlús a chur lena comhar le Comhairle na hEorpa agus lena comhlachtaí agus institiúidí ábhartha, aghaidh a thabhairt ar a príomh-mholtaí agus breithiúnais uile na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 46 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Tugann an Chomhairle dá haire go háirithe go ndearna Coimisiún na Veinése measúnú criticiúil ar na leasuithe is déanaí ar Bhunreacht na Tuirce agus go bhfuarthas easpa seiceálacha agus cothromaíochtaí agus go gcuireann na leasuithe scaradh na gcumhachtaí i mbaol.

33. Leanann an Chomhairle de bheith ag súil go dtabharfaidh an Tuirc gealltanas aonchiallach i ndáil leis an dea-chaidreamh comharsanachta, comhaontuithe idirnáisiúnta agus réiteach síochánta díospóidí, agus leas a bhaint as an gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta más gá. Ag meabhrú di agus ag dearbhú conclúidí ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach roimhe seo ina leith sin uile, lena n-áirítear na conclúidí ón gComhairle ar an 22 Márta 2018 inar cáineadh go láidir gníomhaíochtaí leanúnacha mídhleathacha na Tuirce in Oirthear na Meánmhara agus sa Mhuir Aeigéach, na conclúidí ón gComhairle ar an 11 Nollaig 2006 chomh maith leis an dearbhú ar an 21 Meán Fómhair, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán neamh-idirdhealaitheach an phrótacail bhreise a ghabhann leis an gcomhaontú comhlachais i leith gach uile Ballstát. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur den bhunriachtanas é aitheantas na mBallstát ar fad. Ní mór don Tuirc bagairtí agus gníomhaíochtaí a dhéanfaidh dochar don dea-chaidreamh comharsanachta a sheachaint, a caidreamh le Poblacht na Cipire a normalú agus ceannasacht na mBallstát ar a bhfarraigí críche agus ar a n-aerspás a urramú, chomh maith lena gcearta ceannasacha uile, lena n-áirítear *inter alia* an ceart chun a n-acmhainní nádúrtha a iniúchadh agus a shaothrú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear UNCLOS. Tá sé ríthábhachtach fós go bhfuil an Tuirc tiomanta do réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire, lena n-áirítear gnéithe seachtracha na faidhbe sin, agus go rannchuidíonn sí leis an réiteach sin, laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe i gcomhréir leis na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe agus leis an *acquis communautaire*, agus staonadh ó aon ghníomhaíocht a chuirfeadh leis an deighilt i mBallstáit an Aontais.
34. Iarrann an Chomhairle athuair ar an Tuirc ailíniú a dhéanamh diadha ar ndiaidh le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus an treocht laghdaitheach reatha a aisiompú mar ábhar tosaíochta agus meabhraíonn sí di an seasamh maidir le haontachas Ballstát le heagraíochtaí idirnáisiúnta.
35. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an Tuirc ag bogadh níos faide ar shiúl ón Aontas Eorpach. Fágann sin go bhfuil staic déanta, a mhórán nó a bheagán, ag caibidlíocht aontachais na Tuirce agus nach féidir a bheith ag smaoineamh ar aon chaibidlí eile den phróiseas sin a oscailt ná a chlabhsúr; níl aon obair eile á beartú faoi láthair maidir le nuachóiriú an Aontais Custaim idir an tAontas agus an Tuirc ach oiread.

AN PRÓISEAS COBHSAÍOCHTA AGUS COMHLACHAIS

POBLACHT IAR-IÚGSLAVACH NA MACADÓINE

36. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an tír tar éis na géarchéime móire polaitiúla a bhí aici a sháru, lena n-áirítear trí leanúint le cur chun feidhme chomhaontú Pržino agus go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir leis na tosaíochtaí práinneacha athchóirithe. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an rialtas nua, fiú i gcomhthéacs deacair polaitiúil, tar éis céimeanna a ghlacadh chun cultúr comhréitigh a athbhunú trí theagmháil a dhéanamh leis na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear an freasúra, chun an daonlathas agus an smacht reachta a neartú, chun mian dáiríre a léiriú athchóiriú a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach agus trédhearcach, agus go ndearna sé teagmháil lena chuid comharsana de mheon an dea-chaidreamh idir comharsana.
37. Reáchtáladh toghchán parlaiminte luath, mar chuid den chomhaontú Pržino, ar an 11 Nollaig 2016 agus eagraíodh toghcháin áitiúla freisin i mí Dheireadh Fómhair 2017. Tugann an Chomhairle dá haire go raibh ESCE/ODIHR den tuairim go raibh na toghcháin is déanaí sin iomaíoch agus gur chuir urraim ar shaoirsí bunúsacha le stiúradh na toghcháin dhaonlathacha. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil dul chun cinn déanta chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí ó ESCE/ODIHR agus chun muinín na saoránach sna próisis toghchánacha a thabhairt ar ais.
38. Is díol sásaimh don Chomhairle an chéad dul chun cinn nithiúil a rinneadh ó thaobh neamhspleáchas na mbreithiúna a athbhunú, feabhas a chur ar obair na gcúirteanna agus an obair leantach i ndáil lena bhfuil déanta ag Oifig an Ionchúisitheora Speisialta, a fhágann go bhfuiltear tar éis féachaint le stop a chur leis an gcúlú a bhí ann le blianta beaga anuas. Meabhraíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé leanúint leis an gcuntasacht dhlíthiúil a bhunú i ndáil leis na héagóracha a cuireadh i bhfáth leis an gcúléisteacht in 2015, agus na teipeanna maoirseachta a bhain leis sin, agus an chuntasacht a bhunú i leith an ionsaithe a rinneadh ar an bParlaimint ar an 27 Aibreán 2017. Molann an Chomhairle go leanfaí de straitéis athchóirithe na mbreithiúna a chur chun feidhme agus go ndéanfaí iarrachtaí breise i ndáil leis na moltaí eile nár cuireadh i gcrích fós chun torthaí follasacha breise a bhaint amach agus le háirithiú go mbeidh na breithiúna in ann feidhmiú go neamhspleách.

39. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh le clár oibre athchóirithe an Aontais. Molann sí do na páirtithe ar fad leanúint den idirphlé cuiditheach agus de mhóiminteam reatha an athchóirithe a dhoimhniú, go háirithe i bpríomhréimsí an smachta reachta, amhail an comhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe, athchóiriú na mbreithiúna, an comhrac i gcoinne an radacaithe agus na sceimhlitheoireachta, agus athchóiriú na seirbhísí faisnéise. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé riarachán poiblí dípholaitithe, fiúntas-bhunaithe a bheith ann, agus a thábhachtaí atá an t-athchóiriú toghchánach, saoirse na meán, agus neartú na formhaoirseachta a dhéantar ar an bhfeidhmeannas. Meabhraítear don Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí na hathchóirithe reatha agus na hathchóirithe atá á mbeartú a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach.
40. Is díol sásaimh don Chomhairle an ról cuiditheach atá á imirt ag an tsochaí shibhialta agus í ag tacú le próisis an athraithe dhaonlathaigh, an feabhas suntasach atá curtha ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an tsochaí shibhialta agus an tiomantas d'idirphlé agus cuimsitheacht dháiríre atá le brath ar an rialtas. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbeadh dea-chaidreamh idir-eitneach ann, tacaíonn sí le tiomantas an rialtais agus is díol sásaimh di gur tugadh céimeanna chun iontaoibh níos fearr a chothú i measc pobal agus chun Comhaontú Réime Ohrid a chur chun feidhme tuilleadh.
41. Is díol sásaimh don Chomhairle an feabhas suntasach a tháinig ar chreat bainistithe airgeadais phoiblí agus ar a thrédhearcacht. Iarrann an Chomhairle ar an tír freisin, i gcomhréir leis na Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thábhachtacha amhail an comhrac i gcoinne an gheilleagair neamhfhoirmiúil agus an éillithe, aghaidh a thabhairt ar an easpa forfheidhmithe chórasaigh éifeachtúil dlí agus ar an gcreat rialála neamh-thrédhearcach, dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na n-óg agus na mban, agus an córas oideachais a nuachóiriú ag gach leibhéal.
42. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di gur mó anois atá an tír á hailíniú féin le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais ná roimhe seo agus molann sí di leanúint den ailíniú sin.

43. Faoi mar atá sé leagtha amach i gconclúidí ón gComhairle Eorpach agus ón gComhairle roimhe seo, tá sé rithabhachtach go mbeidh caidreamh maith ann idir chomharsana, agus áirítear air sin go dtiocfar ar réiteach ar cheist an ainm a bheadh inghlactha ag an dá thaobh, tríd an gcaibidlíocht agus faoi choimirce na Náisiún Aontaithe. Is díol mór sásaimh don Chomhairle gur síníodh an comhaontú maidir le saincheist an ainm leis an nGréig, lena gcuirtear clabhsúr ar an bplé fada, agus is fada léi go ndéanfar an comhaontú sin a dhaingniú agus a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur tugadh an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-Chomharsanacht agus Comhar i gcrích leis an mBulgáir agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go leanfaí dá chur chun feidhme. Leis an dá chéim thábhachtacha sin, ba cheart go mbeadh deireadh le haon éileamh bunaithe ar míléamh na staire.
44. I bhfianaise an dul chun cinn thuas, go háirithe maidir le cur chun feidhme chomhaontú Pržino agus na dTosaíochtaí Práinneacha Athchóirithe agus an fuinneamh a cruthaíodh mar gheall ar an gcomhaontú leis an nGréig maidir le ceist an ainm, comhaontaíonn an Chomhairle freagairt go dearfach ar an dul chun cinn thuas a rinne Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine agus leagann sí amach treochlár chun tús a chur le caibidlíocht aontachais i mí an Mheithimh 2019. Dá réir sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a shár-riachtanaí atá sé go leanfadh Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine den dul chun cinn nithiúil i dtaca leis na Tosaíochtaí Práinneacha Athchóirithe agus go mbainfeadh sí amach tuilleadh torthaí intadhaill i dtaca le comhrac an éillithe, agus go gcoinneodh sí ar bun agus go ndoimhneodh sí an fuinneamh reatha atá faoin athchóiriú. Chuige sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún faireachán géar a dhéanamh ar iarrachtaí athchóirithe thuasluaite Phoblacht iar-Iúgslavach na Macadóine agus measúnóidh sí an dul chun cinn ar bhonn na tuarascála bliantúla ón gCoimisiún. Meabhraítear don Chomhairle go mbeidh an cinneadh chun tús a chur le caibidlíocht aontachais le Poblacht iar-Iúgslavach na Macadóine faoi réir nósanna imeachta parlaiminte náisiúnta a thabhairt chun críche agus faoi réir fhormhuiniú na Comhairle Eorpaí, agus tionólfaidh sí an chéad Chomhdháil Idir-rialtasach go luath ina dhiaidh sin faoi dheireadh na bliana 2019, ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfar. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart go n-áireofaí sa mheasúnú ar dhul chun cinn sin tuilleadh torthaí intadhaill inbhuanaithe, agus díriú go háirithe ar:
- athchóirithe breithiúnacha agus imscrúduithe réamhghníomhacha, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh i gcásanna éillithe agus coireachta eagraithe, lena n-áirítear i gcásanna ar ardleibhéal;
 - athchóiriú ar sheirbhísí faisnéise agus slándála;
 - athchóiriú ar an riarachán poiblí.

Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil rún ag an gCoimisiún tús a chur leis an obair ullmhúcháin riachtanach.

AN ALBÁIN

45. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn seasta atá á dhéanamh ag an Albáin agus na cúig phríomhthosaíocht á saothrú aici: athchóiriú an riaracháin phoiblí, athchóiriú na mbreithiúna, an comhrac i gcoinne an éillithe, an comhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus cosaint chearta an duine, lena n-áirítear cearta na ndaoine sin ar de chuid mionlaigh iad agus cearta maoine. Is obair leanúnach é athchóiriú institiúideach na mbreithiúna, é mar bhunchloch ag athchóiriú cuimsitheach an cheartais. Tá na chéad torthaí le feiceáil anois ó phróiseas athmheastóireachta (grinnfhiosrúcháin) na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí, i measc chomhaltaí sinsearach na breithiúnachta, faoi mhaoirseacht na hOibríochta Idirnáisiúnta Faireacháin. Molann an Chomhairle don Albáin leanúint dá dhea-chomhar leis an Oibríocht Idirnáisiúnta Faireacháin. Molann an Chomhairle don Albáin cur leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh go nuige seo agus leanúint d'athchóiriú an cheartais ar bhealach gníomhach, ag díriú ar thuilleadh neamhspleáchais, cuntasachta, gairmiúlachta agus éifeachtúlachta don chóras breithiúnach, go háirithe tríd an bpróiseas grinnfhaireacháin a chur chun cinn tuilleadh, rud ar den riachtanas é má tá le héirí leis an athchóiriú.
46. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun cuntas fóna teiste a leagan síos i ndáil le fiosrúcháin agus ionchúisimh réamhghníomhacha agus ciontuithe deiridh sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe, agus é á thabhairt dá haire gur mórdhúshlán i gcónaí é grúpaí coireachta eagraithe a bhaint dá chéile. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé don Albáin leanúint de thorthaí follasacha inbhuanaithe a shaothrú, lena n-áirítear i réimse sonrach na troda i gcoinne fás agus gáinneáil drugaí. Molann an Chomhairle don Albáin leanúint dá hiarrachtaí agus cur leo chun fás an channabais a laghdú, ag tógáil ar na chéad torthaí suntasacha a chonacthas le míonna beaga anuas. Molann an Chomhairle an Albáin as an dlúthchomhar neartaithe atá á dhéanamh aici le gníomhaireachtaí forfheidhmithe i mBallstáit de chuid an Aontais agus tá súil aici go leanfar den chleachtas seo ar cleachtas é a théann chun tairbhe don dá thaobh.

47. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin gur gá don Albáin a cuid iarrachtaí a threisiú i ngach ceann de na réimsí sin agus a áirithiú go mbainfear amach torthaí suntasacha breise freisin sa chomhrac i gcoinne an éillithe ardleibhéil, agus ó thaobh líonraí coireachta eagraithe a bhaint dá chéile. Ba cheart obair bhreithiúnach leantach chórasach a dhéanamh tar éis oibríochtaí rathúla forfheidhmithe dlí. I gcreat athchóirithe reatha an cheartais, tá na hinstitiúidí speisialaithe chun troid i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe fós le bunú i gcomhréir leis an gcreat dlí atá ann cheana. Is cuspóir fadtéarmach bunriachtanach é i gcónaí cuntas fóna teiste a bhunú ó thaobh imscrúduithe agus ionchúisimh réamhghníomhacha agus ciontuithe sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus an éillithe, agus is gá tuilleadh iarrachtaí struchtúraithe comhsheasmhacha ina leith sin.
48. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an gá atá le bearta reachtacha agus beartais éifeachtacha chun cosaint chearta an duine agus beartais i gcoinne an idirdhealaithe a threisiú, lena n-áirítear cóir chomhionann idir daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad agus maidir lena rochtain ar chearta ar fud na hAlbáine, agus cur chun feidhme comhsheasmhach an dlí réime a áirithiú trí aghaidh a thabhairt i bhfodhlíthe ábhartha ar na fadhbanna ar fad atá fós le réiteach, lena n-áirítear an ceart chun saor-féinaitheantais. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin an gá le cearta maoinne a chur chun feidhme go héifeachtúil.
49. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé riachtanach i gcónaí go mbeadh idirphlé leanúnach agus cuiditheach ann idir an rialtas agus lucht an fhreasúra maidir le hathchóirithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an gclár oibre don athchóiriú, ar mhaithe leis na saoránaigh agus ar mhaithe leis an tír a thabhairt níos gaire don Aontas Eorpach.
50. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart don Albáin dlús a chur leis na hathchóirithe lena ndírítear ar an iomaíochas a mhéadú agus chun dul i ngleic leis an ngeilleagar neamhfhoirmiúil. I gcomhréir leis na Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc, molann an Chomhairle don Albáin an timpeallacht ghnó agus infheistíochta a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear forfheidhmiú na gcearta maoinne a áirithiú, an comhdhlúthú fioscach a shaothrú go fuinniúil agus an riarachán cánach a neartú. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh roinnt dul chun cinn i léirscaoileadh an mhargaidh fuinnimh, sa bhonneagar iompair agus sa digitiú. Molann an Chomhairle don Albáin céimeanna a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb bhainistiú na dramhaíola.

51. Molann an Chomhairle an Albáin freisin as an lánailíniú leanúnach le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh. Is díol sásaimh don Chomhairle an tiomantas agus an dul chun cinn sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus sa chur i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh agus molann sí don Albáin leanúint de na hiarrachtaí sin.
52. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Albáin ag leanúint de pháirt chuiditheach a ghlacadh sa chomhar réigiúnach. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuil an Albáin tar éis dlús a chur leis an idirphlé le tíortha comharsanachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna déthaobhacha tábhachtacha agus chun dea-chaidreamh comharsanachta a áirithiú, rud ar den riachtanas é.
53. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí breisithe atá déanta ag an Albáin chun bearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm le cur i gcoinne an líon mór iarratas gan bhunús ar thearmann atá á gcur isteach ag saoránaigh Albánacha chuig Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus i dtíortha comhlachaithe Schengen. Ní mór leanúint de na bearta sin a shaothrú, mar aon le comhar agus idirphlé leanúnach leis na tíortha is mó atá thíos, go dtí go mbainfear amach torthaí inbhuanaithe.
54. I bhfianaise an dul chun cinn thuas, go háirithe i dtaca leis na cúig phríomhthosaíocht, comhaontaíonn an Chomhairle freagairt go dearfach ar an dul chun cinn thuas a rinne an Albáin agus leagann sí amach treochar maidir le tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais i mí an Mheithimh 2019. Dá réir sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a shár-riachtanaí atá sé go gcuirfeadh an Albáin tuilleadh den bhonn faoin dul chun cinn nithiúil i dtaca leis an athchóiriú breithiúnach go háirithe i dtaca le grinnfhiosrúchán, agus go mbainfeadh sí amach tuilleadh torthaí intadhaill i dtaca le comhrac an éillithe ar an uile leibhéal, agus i dtaca le comhrac na coiriúlachta eagraithe, go háirithe i dtaca le fás agus gáinneáil drugaí, agus go gcoinneodh sí ar bun agus go ndoimhneodh sí an fuinneamh reatha atá faoin athchóiriú. Áirítear sa mhéid sin:
- próiseas athmheastóireachta na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí a thabhairt chun cinn tuilleadh, go háirithe na sainchomhaid tosaíochta uile a thabhairt i gcrích, agus bailchríoch a chur ar bhunú struchtúr breithiúnach neamhspleách dá bhforáiltear leis an athchóiriú Bunreachta;
 - bailchríoch a chur ar bhunú comhlachtaí speisialaithe, eadhon an Struchtúr Speisialta Frithe-Éillithe agus Coireachta Eagraithe (SPAK) agus Biúró Náisiúnta um Imscrúdú (NBI) agus Cúirt;
 - cuntas teiste a neartú ó thaobh imscrúduithe réamhghníomhacha, ionchúiseamh agus ciontuithe deiridh sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe, lena n-áirítear ar ardleibhéal.

Chuirge sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún faireachán géar a dhéanamh ar na hiarrachtaí athchóirithe thuasluaite ón Albáin agus measúnóidh sí an dul chun cinn ar bhonn na tuarascála bliantúla ón gCoimisiún. Meabhraítear don Chomhairle go mbeidh an cinneadh tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Albáin faoi réir nósanna imeachta parlaiminte náisiúnta a thabhairt chun críche agus faoi réir fhormhuiniú na Comhairle Eorpaí, agus tionólfaidh sí an chéad Chomhdháil Idir-rialtasach go luath ina dhiaidh sin, faoi dheireadh na bliana 2019, ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfar. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart go n-áireofaí sa mheasúnú ar dhul chun cinn sin tuilleadh torthaí intadhaill inbhuanaithe, agus díriú go háirithe ar an smacht reachta. Maidir le toghcháin, measann an Chomhairle go mbaineann tábhacht ar leith leis na moltaí ó Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip atá fós gan réiteach agus nach mór don Albáin aghaidh a thabhairt orthu. Measann an Chomhairle freisin go mbaineann tábhacht ar leith leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Albáin chun líon na n-iarratas ar thearmann atá go follasach gan údar a laghdú agus iarrann sí ar an gCoimisiún an méid sin a chur san áireamh.

Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil rún ag an gCoimisiún tús a chur leis an obair ullmhúcháin riachtanach.

AN BHOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN

55. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil freagraí na tíre tugtha, tríd an sásra comhordaithe, ar cheistneoir tuairimí an Choimisiúin maidir le hiarratas na Boisia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach agus tathantaíonn sí ar an mBoisia agus an Heirseagaivéin tuilleadh úsáide a bhaint as an sásra tábhachtach seo chun doiciméid chomhsheasmhacha chuimsitheacha straitéiseacha uile-tíre a ullmhú, lena n-áirítear na doiciméid sin a iarrtar faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais. Meabhraítear don Chomhairle gur gealltanas straitéiseach é iarratas na Boisia agus na Heirseagaivéine i mí Feabhra 2016 ar bhallraíocht san Aontas Eorpach, lena léirítear gur mian leis an tír dul ar aghaidh i dtreo an Aontais, fós féin tá gá práinneach lena aistriú i dtorthaí cuimsitheacha i dtéarmaí athchóirithe ar an bhfód. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh roinnt athchóirithe a bhí dírithe ar an Aontas Eorpach sa Bhoisia agus san Heirseagaivéin, amhail maidir le dleachtanna máil nó straitéisí uile-tíre don chomhshaol agus d'fhorbairt na tuaithe. Mar sin féin, tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis inní di, go bhfuil moilliú tagtha ar luas na n-athchóirithe, go háirithe i ndáil leis an gclár oibre athchóirithe, de bharr na reitriche scoiltí agus de bharr an fheachtais réamhthoghcháin.

56. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil súil aici go n-áiritheoidh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin go ndéanfar an clár oibre athchóirithe a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta arna chomhaontú le húdaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine, agus i ndlúthchomhairliúchán leis an tsochaí shibhialta, chun tairbhe a cuid saoránach agus i ndlúthchomhar leis an Aontas Eorpach, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Athchóirithe cuimsitheacha socheacnamaíocha, neartú an smachta reachta, lena n-áirítear neartú neamhspleáchas agus neamhchlaontacht, cuntasacht, gairmiúlacht agus éifeachtúlacht na mbreithiúna, an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, in aghaidh an radacaithe agus na sceimhlitheoireachta, i gcoinne na himirce neamhrialta, chomh maith le hathchóiriú an riaracháin phoiblí i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha ag gach leibhéal den rialtas, agus comhar a fheabhsú tuilleadh idir gach leibhéal den rialtas, is ardtosaíochtaí fós iad sin ar fad.

Ina theannta sin, tugann an Chomhairle dá haire, agus is oth léi, an easpa dul chun cinn a rinneadh i réimse na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus chun meáin neamhspleácha a fhorbairt agus iarrann sí ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a cuid iarrachtaí a threisiú chun aghaidh a thabhairt air sin.

57. Iarrann an Chomhairle ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin go mbeadh forbairt fhorálacha nós imeachta choiriúil chód na Boisnia agus na Heirseagaivéine i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta mar chéadtosaíocht aici. Ina theannta sin, iarrann sí go ndéanfaí an dlí um choinbhleacht leasa a ghlacadh go hiomlán, chomh maith leis an dlí um sheirbhísí faisnéise.

58. Tugann an Chomhairle dá haire an fógra go mbeidh toghchán ginearálta ann ar an 7 Deireadh Fómhair 2018. Is oth leis an gComhairle an easpa tola i ndáil le teacht ar chomhréiteach atá léirithe go dtí seo ag na páirtithe polaitiúla agus iarrann sí go neamhbhalbh ar údarais na Boisia agus na Heirseagaivéine an creat toghchánach a leasú go práinneach d'fhonn a áirithiú go gcuirfear chun feidhme torthaí na dtoghchán a bheidh ann i mí Dheireadh Fómhair 2018. I ndáil leis sin, ní mór do na ceannairí polaitiúla ar fad a gcuid freagrachtaí a ghlacadh agus teacht ar réiteach maidir le hÁras Cónaidhme na bPobal. Measann an Chomhairle gur cheart tabhairt faoi athchóirithe toghchánacha de mheon an idirphlé, i bhfianaise a thábhachtaí atá siad, agus iarrann sí freisin, dá réir sin, ar an mBoisia agus an Heirseagaivéin na moltaí ESCE/ODHIR a chur chun feidhme d'fhonn an tír a bhogadh ar aghaidh i dtreo na gcaighdeán Eorpach, agus feabhas á chur ar phróisis dhaonlathacha na dtoghchán amach anseo. Aithníonn an Chomhairle freisin i ndáil le saincheistanna toghchánacha eile, lena n-áirítear forálacha chun toghcháin áitiúla a reáchtáil in Mostar, agus Uachtaránacht na Boisia agus na Heirseagaivéine, gur cheart aghaidh a thabhairt orthu sin in am trátha tar éis na dtoghchán, i gcomhréir le caighdeán Eorpacha; i ndáil leis sin, cuireann an Chomhairle i bhfáth nár cheart aon bheart reachtach nó polaitiúil a dhéanamh a chuirfeadh lena dhúshlánach a bheidh sé rialú Sejdić-Finci agus rialuithe gaolmhara a chur chun feidhme. Ní chuirfidh na hathchóirithe sin aon bhac, áfach, ar thuilleadh cur chun feidhme a dhéanamh ar chlár oibre an athchóirithe.
59. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an athuair a tiomantas aonchiallach do ghné an Aontais Eorpaigh don Bhoisia agus an Heirseagaivéin, mar thír aonair, aontaithe, cheannasach agus molann sí do na húdarais agus na fórsaí polaitiúla ar fad sa Bhoisia agus sa Heirseagaivéin an lámh in uachtar a fháil ar reitric scoilteach na haimsire caite, deireadh a chur le laochra a dhéanamh de choirpigh chogaidh chiontaithe agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn ar bhealach gníomhach, lena n-áirítear tríd an oideachas. Molann an Chomhairle don Bhoisia agus an Heirseagaivéin leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh sa chomhar réigiúnach agus i bhforbairt an dea-chaidrimh comharsanachta.

60. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bhforbairt eacnamaíoch agus leis an iomaíochas. Ar a shon sin, i gcomhréir leis na Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc, iarrann an Chomhairle ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thábhachtacha atá fós ann, amhail a laige atá an smacht reachta agus an timpeallacht ghnó, easpa spáis choiteann eacnamaíochta, timpeallacht ilroinnte rialála, riarachán poiblí atá rómhór agus neamhéifeachtúil, geilleagar neamhfhoirmiúil suntasach, rochtain lag ar mhaoiniú do dheighleoga áirithe den gheilleagar, éilliú, míchothromaíochtaí i margadh an tsaothair gona ráta ard dífhostaíochta struchtúraí agus ráta íseal fostaíochta a bhuí le laige an chórais oideachais, cumais laga institiúideacha agus timpeallacht neamhthacúil infheistíochta, agus neartú an chreata chuimsithigh um réiteach banc. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin gur gá d'údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine iarrachtaí níos mó a dhéanamh i réimse na cosanta comhshaoil.
61. Molann an Chomhairle d'údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar gach leibhéal a bheith tiomanta go gníomhach do phróiseas ullmhúcháin na tuairime ón gCoimisiún agus a n-ionchur a chur ar fáil do na hiarrataí ón gCoimisiún. Meabhraítear don Chomhairle go mbeidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar chur chun feidhme rialú Sejdić-Finci agus a Thuairim á hullmhú aige. Cé go n-aithníonn an Chomhairle go liostaítear Boisniaigh, Crótaigh agus Seirbiaigh (chomh maith le daoine eile) mar phobail na tíre i mBunrecht Bhoisnia agus Heirseagaivéine, athdhearbhaíonn an Chomhairle go n-urramófar go hiomlán prionsabal chomhionannais na saoránach ar fad agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Fillfidh an Chomhairle ar phróiseas lánpháirtithe na Boisnia agus na Heirseagaivéine san Aontas Eorpach ar bhonn na tuairime ón gCoimisiún a bheidh ann amach anseo maidir le hiarratas na tíre ar bhallraíocht san Aontas Eorpach.

AN CHOSAIV

62. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCC) leis an gCosaiv agus molann sí go leanfar dá chur chun feidhme. Leis an gcomhaontú sin de chuid an Aontais amháin, ar comhaontú é atá gan dochar do sheasaimh na mBallstát maidir le stádas, soláthraítear an creat conarthach faoina bhfuil a gcomhar le chéile á threisiú ag an Aontas agus an Chosaiv agus faoina bhfuil machnamh á dhéanamh acu ar fhorbairtí sa chaidreamh eatarthu. Tugann sé deis don Chosaiv dul chun cinn inbhuanaithe agus *rapprochement* a dhéanamh leis an Aontas, i gcomhréir le peirspictíocht Eorpach an réigiúin, agus cruthaíonn sé deiseanna trádála agus infheistíochta.
63. Is díol sásaimh don Chomhairle gur dhaingnigh Tionól na Cosaive an comhaontú teorann/críche le Montainéagró i mí an Mhárta 2018, ar ceann de na príomhchritéir é le haghaidh léirscaoileadh víosaí na Cosaive agus éacht tábhachtach de mheon an dea-chaidrimh idir comharsana. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún measúnú a thíolacadh ar an tagarmharc deiridh maidir leis an gcuntas teiste a neartú sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus an éillithe, agus iarrann sí ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh freisin féachaint an bhfuil na tagarmharcanna eile á gcomhlíonadh i gcónaí.
64. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh na toghcháin pharlaiminteacha agus na toghcháin bhargasacha arna dtionóladh in 2017 iomaíoch agus gur riaradh go maith iad, ar an iomlán, sa chuid is mó d'áiteanna na Cosaive. Mar sin féin, milleadh an feachtas le pátrún domhain imeaglaithe i measc na Seirbiach laistigh d'an-chuid pobal Seirbiach sa Chosaiv. Ar bhonn níos ginearálta, iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv dul i ngleic leis na laigí seanbhunaithe sa phróiseas toghchánach, faoi threoir mholtaí mhisean breathnóireachta toghchán an Aontais Eorpaigh agus i ndlúthchomhar le gníomhaithe idirnáisiúnta eile lena n-áirítear ESCE/ODIHR.

65. Ba mhaith leis an gComhairle go ndéanfaí iarrachtaí níos fearr chun an chomhthoil a fhorbairt i ngach gné den pholaitíocht agus go gcuirfí chun cinn clár oibre na Cosaive i dtaca leis an Eoraip. Ba cheart don Tionól feabhas suntasach a chur ar a fheidhmíocht ós é an príomhfhóram atá ann don obair reachtach, don idirphlé polaitiúil agus don ionadaíocht pholaitiúil, agus ina chuid feidhmeanna maoirseachta freisin. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis inní di na heachtraí foréigin a tharla arís agus arís eile sa Tionól i ndáil leis an vóta faoi líne na teorann/críche.
66. Molann an Chomhairle go láidir don Chosaiv luas a chur le cur chun feidhme na n-athchóirithe cuimsitheacha a bhfuil gá leo lena cuid oibleagáidí faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais a chomhlíonadh ionas go mbeidh sí in ann tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna a ghabhann leis. Iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv a cuid iarrachtaí a mhéadú chun an Clár Oibre Eorpach don Athchóiriú arna sheoladh i mí na Samhna 2016 a chur chun feidhme go críochnúil agus é mar chuspóir feabhas a chur ar an smacht reachta agus ar an bhforbairt shocheacnamaíoch sa Chosaiv agus chun cuntas teiste a leagan síos i ndáil le cur chun feidhme CCC.
67. Is díol sásaimh don Chomhairle an feabhas atá tagtha ar an timpeallacht ghnó agus iarrann sí ar an gCosaiv, i gcomhréir, go háirithe, leis na Conclúidí Comhpháirteacha ón Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais idir an tAontas agus na Balcáin Thiar agus an Tuirc, na hiarrachtaí a mhéadú chun dul i ngleic leis an éilliú agus leis an ngeilleagar neamhfhoirmiúil, an ráta ard dífhostaíochta a íslíú, go háirithe dífhostaíocht i measc an ógra, feabhas a chur ar an soláthar poiblí, cearta maoine infheisteoirí an Aontais a chosaint, nósanna imeachta éifeachtacha forfheidhmithe conarthaí a áirithiú, feabhas a chur ar an oideachas, feabhas a chur ar na cumais institiúideacha agus an riarachán cánach a neartú, chomh maith le hathléimneacht fhoriomlán earnáil na baincéireachta. I réimse an fhuinnimh, réimse a bhfuil tábhacht ar leith ag roinnt leis, ní mór don Chosaiv an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus obair leantach a dhéanamh i ndáil lena tiomantas an gléasra cumhachta, "Cosaive A" ar ceann é de na foinsí is mó truaillithe sna Balcáin Thiar, a dhíchoimisiúnú, agus ar mhaithe freisin le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha.

68. Iarrann an Chomhairle ar an gCosaiv, mar ábhar práinne, dlús a chur lena cuid iarrachtaí feabhas a chur ar an smacht reachta, lena n-áirítear neamhspleáchas na mbreithiúna agus próis chuí an dlí. Tugann an Chomhairle dá haire go mbaineann dúshláin ar leith le comhthéacs thuaisceart na Cosaive, go háirithe an comhrac i gcoinne líonraí coiriúla, agus go bhfuil comhar práinneach éifeachtúil riachtanach ó na gníomhaithe ar fad lena mbaineann de dhíth ina leith, agus is cúis mhór inní di i gcónaí dúnmharú Oliver Ivanović i dtuaisceart Mitrovica i mí Eanáir 2018. Cuireann sí i dtreis gur gá déantóirí na gcoireanna sin a thabhairt os comhair na cúirte. Is gá don Chosaiv freisin a comhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus an éillithe a neartú tuilleadh. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis inní di gur díbríodh seisear saoránach de chuid na Tuirce gan a gcearta ráthaithe a urramú. Tugann an Chomhairle dá haire an dul chun cinn suntasach a rinneadh sa chomhrac i gcoinne an radacaithe, an antoisceachais agus na sceimhlitheoireachta agus iarrann sí go ndéanfaí iarrachtaí breise. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim go háirithe ar an ngá atá le dlúthchomhar réigiúnach agus idirnáisiúnta éifeachtach, lena n-áirítear le Europol agus le Eurojust, agus lánurraim ar a gcuid rialachán agus gan dochar do sheasamh na mBallstát i ndáil le stádas.
69. Maidir leis an athchóiriú ar an riarachán poiblí, is gá earcú, ardú céime agus dífhostú trédhearcach, fiúntas-bhunaithe agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla a chur chun feidhme, lena n-áirítear i gcás institiúidí agus gníomhaireachtaí atá neamhspleách chun go n-áiríteofar feidhmiú neamhspleách agus bainistiú éifeachtach na gcomhlachtaí sin. Ní mór cur chun cinn agus cosaint chearta an duine ar fud na Cosaive a shaothrú, lena n-áirítear cosaint iomlán ar an oidhreacht chultúrtha agus reiligiúnach. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar lánpháirtiú agus cosaint daoine ar de mhionlaigh iad, agus iarrachtaí breise a áireamh chun an creat dlíthiúil reatha a chur chun feidhme agus timpeallacht shábháilte a áirithiú, agus chun cearta maoine na ndaoine sin a chosaint, agus ba cheart an comhtháthú sóisialta a neartú.
70. Maidir leis an idirphlé idir Pristine agus Béalgrád arna éascú ag an Aontas Eorpach, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an dá thaobh tar éis a dhearbhu leis an Ardionadaí go bhfuil siad tiomanta oibriú ar normalú cuimsitheach i ndáil lena gcaidreamh, lena n-áirítear i bhfoirm comhaontú ceangailteach ó thaobh dlí de, rud atá fíorthábhachtach dá gconair Eorpach faoi seach agus ríthábhachtach freisin don chobhsaíocht réigiúnach inbhuanaithe.

71. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cuireadh tús faoi dheireadh le hobair na Foirne Bainistíochta chun reacht Chomhlachas/Comhphobal bhardas de thromlach Seirbiach na Cosaive a dhréachtú i gcomhréir le Comhaontú na Bruiséile ón mbliain 2013 agus Comhaontú Lúnasa ón mbliain 2015 agus tá súil aici go nglacfaidh an dá thaobh páirt chuiditheach sa phróiseas chun an tiomantas seanbhunaithe sin a chomhlíonadh. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí na constaicí atá fós ann a shárú go gasta i gcur chun feidhme an chomhaontaithe um Fhuinneamh. Ag cur san áireamh di luas mall an dul chun cinn, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go gcuirfí i gcrích cur chun feidhme na gcomhaontuithe eile ar fad atá ann cheana, go háirithe na comhaontuithe um Dhroichead Mitrovica, um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha agus um aitheantas frithpháirteach dioplómaí. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbia a cuid de na comhaontuithe uile a rinneadh san am atá thart a chur chun feidhme go pras de mheon macánta, go háirithe na comhaontuithe maidir le fuinneamh, agus a bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach leis an gCosaiv maidir le comhaontuithe a dhéanfar amach anseo a fhoirmiú agus a chur chun feidhme. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme an chomhaontaithe maidir le ceartas i bhfómhar na bliana 2017 lena ndéantar feidhmiú breithiúnachta comhtháite sa Chosaiv a áirithiú agus lena dtugtar rochtain ar an gceartas do na pobail uile. Leanfaidh an Chomhairle de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar rannpháirtíocht leantach na Cosaive i leith dul chun cinn infheicthe agus inbhuanaithe a dhéanamh i normalú an chaidrimh leis an tSeirbia ionas go mbeidh an Chosaiv agus an tSeirbia in ann leanúint ar a mbealaí Eorpacha faoi seach, an baol á sheachaint acu ag an am céanna go gcuirfidís bac ar a chéile sna hiarrachtaí sin agus ionchas acu go mbeidh an dá thír in ann gach ceart atá acu a fheidhmiú go hiomlán agus gach dualgas atá orthu a chomhlíonadh. Cuireann an Chomhairle in iúl gur mór aici obair an Ardionadaí chun an t-idirphlé a éascú agus tá sí ag súil le tuilleadh den dianrannpháirtíocht leis na páirtithe, d'fhonn teacht ar normalú cuimsitheach.
72. Meabhraíonn an Chomhairle gur bunphrionsabal é sa CCC go ndéanfaí an caidreamh leis an tSeirbia a normalú agus go bhfuil sé sin mar bhonn agus thaca maidir le caidreamh agus comhar a fhorbairt idir an tAontas agus an Chosaiv.
73. Ag meabhrú di gur cúis mhór imní di an iarracht a rinneadh na dlíthe i ndáil leis na Dlísheomraí Speisialaithe a aisghairm, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCosaiv leanúint dá tiomantas do na Dlísheomraí Speisialaithe, i gcomhréir iomlán lena hoibleagáidí idirnáisiúnta agus mar bhealach chun a thaispeáint go bhfuil iarrachtaí dáiríre á ndéanamh leis an smacht reachta, na saoirsí bunúsacha, an ceartas agus an t-athmhuintearas a ráthú.

74. Is díol sásaimh don Chomhairle gur thángthas ar chomhaontú faoi mhisean EULEX a shíneadh go dtí mí an Mheithimh 2020. Tathantaíonn sí ar an gCosaiv leanúint den dlúthchomhar éifeachtach le EULEX agus rannchuidiú go gníomhach le EULEX i dtaca lena shainordú a fhorghníomhú go hiomlán agus gan bac.
75. Is díol sásaimh don Chomhairle gur síníodh an creat-chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Chosaiv maidir le prionsabail ghinearálta le haghaidh rannpháirtíocht na Cosaive i gcláir an Aontais agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Chosaiv leas iomlán a bhaint as na cláir sin. Is díol sásaimh don Chomhairle go mbeidh an Chosaiv ag glacadh páirte sna cláir> Erasmus +, COSME, Eoraip do Shaoránaigh agus Eoraip na Cruthaitheachta.
-